

## Is i bhfoirgnimh a chaithimid ár saol

# Féachaimis chuige go bhfuil siad sábháilte ó thaobh dóiteáin de

Tá 15 eagraíocht, a dhéanann ionadaíocht ar shaineolaithe ó gach cearn den Eoraip, ag éileamh ar na hInstitiúidí Eorpacha agus ar na Ballstáit oibriú ar **Straitéis Eorpach um Shábháilteacht ó Dhóiteán** a chinnteoidh go mbeidh cur chuige comhordaithe ann maidir le sábháilteacht ó dhóiteán.

**Cén fáth?** Mar creidimid gur ceart sábháilteacht ó dhóiteán a fheabhsú i bhfoirgnimh ar mhaithe le gach duine, bídís ina gcónaí san Aontas Eorpach i nó ar chuairt chuige. Caithimid 90% dár gcuid ama i bhfoirgnimh. Má chinntimid go mbeidh timpeallacht thógtha níos sábháilte ann beidh dea-thionchar againn ar an ngeilleagar, ar an gcomhshaol agus ar shláinte agus folláine na sochaí go léir. Ní féidir é sin a bhaint amach ach trí chur chuige comhordaithe maidir le sábháilteacht ó dhóiteán ar leibhéal an AE.

Téann dóiteáin i bhfoirgnimh i bhfeidhm ar **dhaoine**: Tarlaíonn 5,000 teagmhas dóiteáin ar a laghad gach lá san AE, agus bíonn tionchar ag go leor acu ar theaghlaigh agus ar phobail. Uaireanta is tionchar ar feadh an tsaoil a bhíonn ann. Glactar tuairim is 70,000 duine isteach in ospidéal gach bliain san Eoraip de bharr gortuithe de thoradh dóiteáin. Is iad leanaí a fhulaingíonn 30% de na gortuithe agus de na básanna a tharlaíonn de bharr dóiteáin ar fud an domhain. Bíonn tionchar ollmhór ar an lucht múchta dóiteán, agus bíonn suas le 14 chineál ailse le feiceáil níos coitianta ina measc siúd ná mar a bhíonn i measc an phobail go ginearálta.

Bíonn tionchar ag tinte i bhfoirgnimh ar an **gcomhshaol**: Déanann tinte an-truailliú go deo don aer. Ídíonn siad ábhair agus méadaíonn siad astaíochtaí carbóin. Dúshlán mór iad sin ó thaobh acmhainní a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Creidimid go gcaithfidh foirgnimh a bheith ábalta tine a sheasamh má tá siad le bheith inbhuanaithe. Níor cheart go bhféadfadh dóiteán iad a loisceadh go talamh nó an-damáiste a dhéanamh dóibh.

Bíonn **costas** ag baint le dóiteáin i bhfoirgnimh: déanann dóiteáin luach €126 billiún de dhamáiste gach bliain. I gcás tíortha Eorpacha, is ionann é sin agus 1% dá OTI. Is féidir le dóiteáin an-dochar a dhéanamh do bhonneagar, sonraí agus stoc. Laghdaíonn siad táirgiúlacht, fágann siad baill foirne dífhostaithe, agus fiú fágann siad comhlachtaí bancbhriste.

**Tá ár bhfoirgnimh ag athrú:** Is minic a bhíonn gnéithe mar spásanna oscailte agus níos lú bacainní mar dhoirse agus ballaí le feiceáil i bhfoirgnimh nua, agus úsáidtear modhanna nua tógála. Is minic a bhíonn insliú an-mhaith i bhfoirgnimh anois agus is minic a bhíonn siad aerdhíonach. Bíonn níos mó ábhar indóite laistigh d'imchlúdaigh agus de struchtúir na bhfoirgneamh freisin. Tá níos mó ábhar indóite inár dtroscán agus in áiteanna eile chomh maith. Is é an toradh atá ag na hathruithe sin go méadaíonn dóiteáin i bhfoirgnimh níos tapúla ná riamh agus go mbíonn siad níos contúirtí. Mura nglactar leis gur cuid lárnach d'inbhuanaitheacht foirgnimh é a fheidhmíocht le linn dóiteáin, beidh níos lú teacht aniar ag foirgnimh amach anseo ó thaobh na bagartha is sine atá orthu – tine!

**Is féidir linn difríocht a dhéanamh trí chur le chéile:** Is féidir le Ballstáit an AE comhoibriú maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteáin. Is féidir leis an gCoimisiún Eorpach comhoibriú lena stiúirthóireachtaí éagsúla – Díl agus Oideachas agus Fuinneamh agus le stiúirthóireachtaí eile – chun Straitéis Eorpach um Shábháilteacht ó Dhóiteáin a bhunú a chuirfidh ar chumas tíortha na hEorpa na nithe seo a leanas a dhéanamh:



1

**Sonraí inchoimparáide a bhailiú**



2

**An dea-chleachtas a chomhroinnt**



3

**Fís a cheapadh maidir le sábháilteacht ó dhóiteáin**

**Tosaigh ag déanamh difríocht** trí chur lenár n-éileamh ar bheart: trí chomhroinnt, tvuíteáil, aontú leis, blagáil, labhairt faoin bhfeachtas. Is féidir leat é a leanúint ag <http://bit.ly/2o7FwcB>